

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# CRUTHAÍMIS




## CÉN FÁTH AN TACAÍOCHT SEO?

- Baineann go leor scoláirí tairbhe as cur chuige scaflála i leith cumadh ceoil
- Cuireann na cártaí seo scafaill mholta ar fáil duit chun triail a bhaint astu le do scoláirí
- Faightear cur chuige féideartha amháin ar gach cárta agus sibh ag plé le foghlaim nua
- De réir mar a éiríonn scoláirí níos neamhspleáiche agus níos muiníní ina scil chumadóireachta, baintear an scafláil de réir a chéile



## CAD É ATÁ SA TACAÍOCHT SEO?

- Gníomhaíochtaí cumadóireachta molta eagraithe de réir litreacha na haibítre chun iniúchadh le do chuid scoláirí
- Tá sliocht éisteachta nó sampla ceoil molta ag gabháil le gach gníomhaíocht scaflála



## CONAS AN TACAÍOCHT SEO A ÚSÁID?

Moltaí amháin...

1. Déan cinneadh cé acu a ghlacfaidh na scoláirí páirt i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga // Tabhair litir eile a roghnaítear go randamach do gach grúpa // cruthaíonn gach grúpa a bpíosa ceoil agus cuireann i láthair don rang é
2. Déan cárta amháin a theilgean ar do scáileán ionas go mbeidh gach scoláire in ann tabhairt faoi chineál amháin cumadóireachta // léirigh gach céim agus tú ag tabhairt an scoláire trí gach céim // ansin iarr ar gach scoláire a gcuid féin a chruthú agus é a chur i láthair an ranga.



cc BY NC

ÁBHAR

# CRUTHAÍMIS



**A**
- AINM

**B**
- BLUES
- BREACHNÚ
- BUILLE SUAS

**C**
- CANÓIN
- CEATHAIRÉAD
- CEOL SCANNÁIN
- CNAGADH COIRP
- CÓIRIGH
- CONTRAFACT

**D**
- DIES IRAE
- DORD ALBERTI
- DRUMAÍ

**E**
- ENSEMBLE

**F**
- FOCAL
- FOCALDATHÚ
- FORSHÉIS
- FUAIMEANNA AIMSITHE

**G**
- GABHÓID
- GLAO AGUS FREAGAIRT
- GLEADHRADH
- GLIGÍN
- GO GASTA

**H**
- HAIKU

**I**
- IDIRCHÉIM
- ILMHÉADAR
- INBHÉARTÚ
- IODALÚ
- ÍOSTACHAS

**J**
- JEAMÁIL

**L**
- LÚBA

**M**
- MÁIRSEÁIL

**N**
- NÓTAÍ NASCTHA
- NOLLAIG

**O**
- OCHTACH
- OSTINATO

**P**
- PEINTEATONACH
- PORT

**R**
- RAPCHEOL
- RITHIM
- RITHIM CNAGTHA

**S**
- SCÓR GRAFACH
- SEICHEAMH
- SMAOINEAMH BREISE
- SOSANNA
- SRATHADH
- SUANTRAÍ
- SUIMIÚ

**T**
- TRÍCHORDA

**U**
- UIMHREACHA

**V**
- VÁLSA

**Z**
- FUAIMEANNA AN ZÚ




CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie


Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie




Ceol Oide 2023-2024


Oide

# AINM

Bain úsáid as an ngreille thíos chun séis a chumadh le litreacha d'ainm

1. Aimsigh an chéad litir de d'ainm sa tsraith bhairr
2. Féach faoin litir seo chun an t-amchomhartha a aimsiú do do shéis sa dara sraith
3. Aimsigh litreacha d'ainm sa tsraith bhairr agus sainaithin an nóta ceoil comhfhreagrach do gach litir m.sh., S = E
4. Anois cruthaigh do shéis ag baint úsáid as na nótaí ceoil do d'ainm

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Litreacha | A | B | C | D | E | F | G | H | I | J | K | L | M | N | O | P | Q | R | S | T | U | V | W | X | Y | Z |
| Amchomhartha | 2/4 | | | | | | | 3/4 | | | | | | 4/4 | | | | | | | 6/8 | | | | | |
| Nótaí | A | B | C | D | E | F | G | A | B | C | D | E | F | G | A | B | C | D | E | F | G | A | B | C | D | E |





Ceol Oide 2023-2024

# BLUES

Oide


1. Roghnaigh gléas ina gcumfaidh tú do phíosa Blues (Gormacha)
2. Scríobh amach an scála blues (an mionscála peinteatónach móide 5ú maolaithe) i do ghléas roghnaithe m.sh.,

Scála C Blues.




3. Aimsigh cordaí I, IV agus V i do ghléas roghnaithe agus cum tionlacan ag baint úsáid as an bpatrún blues dhá bharra dhéag
4. Cum séis thar na cordaí ag baint úsáid as nótaí an scála blues

Struchtúr corda tionlacain féideartha




Éist le...
Hound Dog
BIG MAMA THORNTON





Ceol Oide 2023-2024


Oide

# BREACHNÚ

1. Cruthaigh éagsúlacht Bhreachnaithe ar an téama 'Cabáiste'
2. Seinn an téama thíos ar fhoinse fuaime de do rogha féin
3. Cum dhá leagan éagsúla den téama seo ag...
   - ag cur nótaí tairmtheachta agus/nó nótaí cúnta leis
   - ag athrú na rithime
   - ag cur isteach seachtrán nó eile
4. Smaoinigh ar theicnící cumadóireachta eile a úsáid m.sh., inbhéartú, casiompú, méadú, laghdú

Éist le...
Trout Quintet, 4ú Gluais.
SCHUBERT




Ceol Oide 2023-2024

# BUILLE SUAS

Oide

**Ba mhaith liom cupán tae**

1. Scríobh an abairt thuas isteach i do lámhscríbhinn
2. Léigh an abairt amach os ard le buille 4, ag cur aicinn os cionn an fhocail 'mhaith'
3. Tarraing aiceann os cionn an fhocail 'mhaith' agus tarraing barralíne roimh an bhfocal sin
4. Léigh amach os ard arís é agus faigh an dara focal a bhfuil aiceann air
5. Cuir aiceann os cionn an fhocail sin agus tarraing barralíne díreach roimhe
6. Os cionn na bhfocal, scríobh an t-amchomhartha 4/4 agus an tslatnodaireacht rithimeach chun na focail sin a mheaitseáil
7. Cinntigh gurb ionann líon na mbuillí ar 'X' agus 'Y' agus 4 bhuille san iomlán.
8. Cruthaigh do shéis féin chun an rithim seo a mheaitseáil


Éist le...
Siansa uimh. 5
BEETHOVEN



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie




Ceol Oide 2023-2024

# CANÓIN

1. Socraigh trí scóir 2-pháirt i do lámhscríbhinn nó i do bhogearraí nodaireachta
2. Scór 1: Scríobh amach an frása tosaigh de 'Twinkle Twinkle' sa chéad pháirt agus athscríobh arís é ag tosú 2 bharra níos déanaí sa dara páirt
3. Scór 2: Déan pointe 2 arís ach an uair seo tosaigh an dara páirt 1 bharra níos déanaí
4. Scór 3: Déan pointe 2 arís ach an uair seo tosaigh an dara páirt leathnóta níos déanaí
5. Éist le gach ceann de do chuid cóirithe agus cinn cé acu ceann is fearr leat agus cén fáth?

Éist le...
L'Arlesienne: Farandole
BIZET




Ceol Oide 2023-2024

# CEATHAIRÉAD

1. Úsáid bogearraí nodaireachta chun scór 8-mbarra a chur ar bun do veidhlín I, veidhlín II, vióla agus dordveidhil agus iniúch an sampla a thugtar thíos
2. Breithnigh na línte seo a leanas do gach ceann de do chuid uirlisí, le haghaidh ...
   - Dordveidhil: bain úsáid as Dordlíne na coda pianó
   - Veidhlín 1: cuir isteach an phríomhshéis
   - Veidhlín II agus Vióla: tabhair na harmóiní inmheánacha
3. Déan cinneadh ar an léirmhíniú deiridh de do chóiriú ag baint úsáid as dinimic, míriú agus teicnící uirlise



Éist le...
Get Lucky
VITAMIN STRING QUARTET



Ceol Oide 2023-2024


# CEOL SCANNÁIN

1. Roghnaigh carachtar scannáin ón liosta thíos, tabhair faoi deara na gnéithe a mholtar do do bhreithniú
2. Cum téama/móitíf ghearr a léiríonn do charachtar
3. Roghnaigh uirlis(í) oiriúnacha trí dhath agus tonndath na huirlise a mheas
4. Déan iniúchadh ar éagsúlachtaí de do mhóitíf/téama nua-chumtha chun mothúcháin athraitheacha do charachtair a léiriú

Éist le...
My Precious
HOWARD SHORE

**Cailleach**: Mion nó atonúil, léimeanna neamhghnách
**Gliaire**: Idirchéim de 4ú
**Arracht uafar**: Dordfhuaimeanna Doimhne
**Aingeal**: Gluaiseacht Réidh Céim ar Chéim

**Nó cruthaigh do charactar féin**




Ceol Oide 2023-2024

# CNAGADH COIRP


1. Cruthaigh ceithre fuaimeanna cnagcheol colainne
2. Dear siombail chun d'fhuaim bhuailteach a léiriú.
3. Tarraing greille le 16 bhosca
4. Cum píosa Cnagcheol Colainne, buille/fuaim amháin in aghaidh an bhosca
5. Fág bosca amháin bán, ag léiriú na mbuillí ciúine, féach an sampla thíos

Éist le...
Body Percussion
THE PERCUSSION SHOW


Siombailí Samplacha




Greille 16-bosca



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

BY NC




Oide


# CÓIRIGH

1. Cruthaigh cóiriú don fhonn Lá Breithe Sona Duit
2. Déan cinneadh faoi na guthanna agus/nó na huirlisí atá i gceist le do chóiriú
3. Tabhair uirlis/guth don dord, cordaí agus séis
4. Cruthaigh tionlacan rithimeach
5. Déan iniúchadh ar do chóiriú trína leiriú le do chomhscoláirí
6. Bain úsáid as na céimeanna seo chun séis de do rogha féin a chóiriú

Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Lá Breithe Sona Duit
PIANO WITH JONNY



Oide


# CONTRAFACT

... is é sin nuair a chumtar séis nua thar réimniú corda a tógadh ó phíosa a bhí ann cheana m.sh., tá os cionn 100 amhrán éagsúla ann a d'úsáid an réimniú corda ó 'I Got Rhythm'

1. Aimsigh an réimniú corda ó amhrán / ó phíosa is maith leat
2. Scríobh amach an réimniú corda os cionn cléithe nó seinn ar lúb é
3. Ag baint úsáid as nodaireacht, do ghutha nó uirlise, cum séis nua a oibríonn leis an réimniú corda seo
4. Bain úsáid as rithimí éagsúla, agus / nó raon difriúil agus / nó cruth séiseach difriúil chun smaoineamh cruthaitheach bunaidh a chruthú

Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
I Got Rhythm
G. GERSHWIN




Oide


# DIES IRAE

1. Socraigh scór 3 pháirt i do lámhscríbhinn
2. Ath-scríobh na neoim ón chantaireacht eaglasta seo mar nótaí ar an gcliath i bpáirt 1
3. Ath-scríobh an tséis 5ú níos airde i bpairt 2
4. Bain úsáid as ceann de na cúig nóta séise chun tionlacan dróin a chruthú i bpáirt 3. Déan trialacha chun a fháil amach cén nóta is fearr a oibríonn
5. Tabhair uirlis/guth do na codanna a cruthaíodh i gcéimeanna 2,3 agus 4.
6. Eagraigh an drón agus an dá shéis sa chóiriú is fearr leat

Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Dies Irae
MONKS OF NOTRE DAME



Oide

# DORD ALBERTI


1. Féach ar an sampla Dord Alberti thíos





2. Ainmnigh an Fhréamh, an 3ú agus an 5ú do na cordaí a aithnítear thíos
3. Cruthaigh do thionlacan Dord Alberti féin ag baint úsáid as na nótaí seo
4. Cas nó Seinn siare an Dord Alberti críochnaithe agat

Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
What is Alberti Bass?
TOM HORTON






Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# CRUTHAÍMIS


Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie


CC BY NC




Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
CRUTHAÍMIS
Ceol Oide 2023-2024
Oide.ie
CC BY NC



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
CRUTHAÍMIS
Ceol Oide 2023-2024
Oide.ie
CC BY NC



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
CRUTHAÍMIS
Ceol Oide 2023-2024
Oide.ie
CC BY NC




Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Pocket Change
NATE SMITH

Oide

# DRUMAÍ

1. Socraigh cad iad na drumaí atá le húsáid m.sh., bongónna, bodhrán, foireann drumaí, clog bó nó eile
2. Pioc amchomhartha agus cum ostinato rithimeach difriúil do gach druma
3. Triail rudaí difriúla le do phíosa
    - Seinneann uirlisí ina n-aonar? i ngrúpaí beaga? nó iad go léir ag an am céanna?
    - Seinneann gach uirlis an ostinato céanna ar comhairde?
    - Seinneann gach uirlis ostinati éagsúla ag an am céanna agus / nó déanann siad babhtáil ar a n-ostinato
    - Glacann uirlisí páirt i nglao agus i bhfreagairt?
4. Cruthaigh cóiriú deiridh de do phíosa cumtha a bhfuil tú sásta leis



Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Pirates of the Carribean
Arr ORLAN CHARLES

Oide

# ENSEMBLE

1. Faigh an tséis, an armóin agus an dord sa sliocht pianó 4-bharra thíos.
2. Socraigh do lámhscríbhinn de réir do rogha ensemble m.sh., fliúit Shasanach triúir (2 Fhorshéis agus dordfhliúit Shasanach)
3. Tabhair uirlis/guth oiriúnach do gach ceann de na páirteanna ag smaoineamh ar dhath agus ar raon na huirlise/an ghutha aonair.
4. .Scríobh amach an pháirt do gach ceann de na h uirlisí sannta ar do scór 3-rian




Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Equus
ERIC WHITACRE

Oide

# FOCAL

1. Roghnaigh aon fhocal 5 litir m.sh., luch, geal, coisir, tuirseach nó eile
2. Socraigh d'amchomhartha go 5/4
3. Pioc 5 uirlisí
4. Roghnaigh 5 nóta do do shéis
5. Scríobh amach 5 rithim éagsúla
6. Bíodh 5 pháirt shoiléire agat
7. Úsáid 5 dhinimic éagsúla
8. Iarr ar 5 ceoltóirí do phíosa a chasadh



Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Erlkönig
SCHUBERT

Oide

# FOCALDATHÚ

1. Léigh an abairt seo agus samhlaigh an radharc: Bhí an fhoraois dorcha san oíche, d'eitil na héin go hard sa spéir agus thit na tonnta i gcoinne na gcarraigeachas
2. Roghnaigh cuid de na focail san abairt seo agus socraigh conas a d'fhéadfá na focail sin a phéinteáil i bhfuaim m.sh., Ard = nóta ard
3. Cruthaigh séis fhoriomlán don abairt seo ag baint úsáid as do chuid smaointe

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC





Ceol Oide 2023-2024

# FORSHÉIS

1. Socraigh scór 2 pháirt i do lámhscríbhinn
2. Scríobh séis 'Molly Malone' (véarsa agus/nó curfá) isteach sa pháirt íochtarach. Ionsáigh na siombailí corda don tséis seo os cionn na cléithe
3. Cruthaigh rithim shimplí don pháirt uachtarach Forshéise (descant) atá i gcodarsnacht le rithim na príomhshéise. Scríobh í i slatnodaireacht os cionn na cléithe forshéise uachtaraí
4. Tosaigh d'fhorshéis ar an tonach ard. Bain úsáid as an réimniú corda ón tséis le d'fhorshéis a chruthú
5. Coinnigh an fhorshéis níos airde ná an tséis agus seachain dul trasna faoin tséis
6. Bain úsáid as gluaisne chontrártha éigin i.e., nuair a thagann an tséis anuas, go dtéann an Fhorshéis (descant) suas
7. Smaoinigh ar nótaí athdhéanta nó ar nótaí fadmharthanacha a úsáid

Éist le...
Molly Malone
THE DUBLINERS





Ceol Oide 2023-2024

# FUAIMEANNA AIMSITHE

1. Déan liosta de na Fuaimeanna Aimsithe a úsáidfidh tú chun meon do dháin/scéil/ailt a léiriú
2. Cruthaigh tionscadal nua in BandLab agus cuir rian samplóra leis
3. Taifead do chéad fhuaim aimsithe ar an gcéad cheap
4. Déan arís céim 3 leis na ceapa eile do gach ceann de d'fhuaimeanna aimsithe
5. Próiseáil na fuaimeanna ag baint úsáid as na socruithe m.sh., fuaim, peanáil, tuinairde, túsphointe / pointe deiridh nó eile
6. Cuir éifeachtaí próiseála leis más gá m.sh., moill, aisfhuaimniú nó eile
7. Seinn na Fuaimeanna Aimsithe leis na ceapa chun do léiriú a chleachtadh
8. Brúigh an cnaipe taifeadta agus taifead do léiriú deiridh

Éist le...
Etude aux chemins de fer 1948
PIERRE SCHAEFFER





Ceol Oide 2023-2024

# GABHÓID

1. Bain úsáid as an rithim Ghabhóide thíos in 2/2 mar bhunús le fonn 4 bharra
2. Coinnigh carachtar rithimiúil an damhsa Fhrancaigh seo trí dheireadh a chur leis ar an dara buille sa bharra deireanach
3. Roghnaigh an gléas
4. Ceap réimniú corda, ag athrú an chorda ar gach buille leathnóta
5. Bain úsáid as an rithim agus as na cordaí chun cabhrú leat an tséis a scríobh



Éist le...
Classical Symphony: Gavotte
PROKOFIEV





Ceol Oide 2023-2024

# GLAO AGUS FREAGAIRT

1. Déan cinneadh cén fhoireann spóirt a bhfuil do chantaireacht Ghlao agus Freagairt ann di
2. Cruthaigh na liricí le haghaidh glao gearr agus freagairt chomhfhreagrach
3. Ag baint úsáid as liricí an Ghlao, cum séis 2-bharra a bhfuil an chuma uirthu go bhfuil sí neamhchríochnaithe
4. Ag baint úsáid as liricí na Freagairte, cum séis 2-bharra a bhfuil fuaim chríochnaithe aici
5. Bain triail as do chantaireacht spóirt Glao agus Freagairt le do rang

Éist le...
Banana Boat Song
HARRY BELAFONTE

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie




Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie




Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Réamhcheol William Tell: Finale
ROSSINI

Oide

# GLEADHRADH

1. Roghnaigh tríchorda, amchomhartha 4/4, agus uirlis phráis ardairde do do ghleadradh (fanfare)
2. Cruthaigh patrún rithimeach a bhféadfadh rithimí poncaithe, rithimí leathchúpla agus/nó tríríní a bheith ann
3. Tosaigh ar an 5ú de do thríchorda agus cruthaigh do shéis ag baint úsáid as na nótaí eile ar an tríchorda
4. D'fhéadfadh nótaí athsheinnte a bheith sa chruth séiseach
5. Úsáid Corda I agus Corda V mar chnámh droma armónach an Ghleadhartha






Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Gligín McDonald's

Oide

# GLIGÍN

1. Roghnaigh táirge chun Gligín a chumadh
2. Socraigh cén guth/guthanna atá le húsáid
3. Cum mana trí liricí a phiocadh a chuireann do tháirge roghnaithe chun cinn
4. Déan iniúchadh ar rithim do liricí agus cruthaigh séis le meaitseáil leis an rithim seo
5. Roghnaigh comhábhair cheoil ar nós éifeachtaí próiseála, dinimic, uigeacht nó eile chun feabhas a chur ar do ghligín







Ceol Oide 2023-2024

Oide

# GO GASTA

1. Tarraing amach 4 bharra i do lámhscríbhinn
2. Roghnaigh cuspóir do do shéis (gligín, damhsa, téama le haghaidh píosa níos mó, nó eile)
3. Roghnaigh gléas
4. Cuir isteach amchomhartha
5. Socraigh coimeádóir ama ag 5 nóiméad
6. Tosaigh coimeádóir ama agus cum do shéis go tapa!




Ceol Oide 2023-2024


Sampla de Haiku

Líne 1: Madra mór cairdiúil
Líne 2: Ag léim agus ag súgradh
Líne 3: Ná bíodh imní ort

Oide

# HAIKU

1. Cruthaigh na liricí do do Haiku i.e., 3 líne de 5-7-5 siollaí faoi seach
2. Déan cinneadh maidir le hAmchomhartha agus Luas. Socraigh do mhéadranóm leis an luas seo
3. Léigh gach líne ar leithligh arís agus arís eile agus sainaithin cén siolla ar a dtiteann an bhéim
4. Cruthaigh agus scríobh amach mír rithimeach i slatnodaireacht do gach líne a mheaitseálann rithim na bhfocal (Leid: cuimhnigh gur féidir leat sosanna a úsáid chun cabhrú le siollaí láidre a chur ar bhuillí láidre)
5. Ag baint úsáid as na nótaí do, re, me, fa, agus mar sin de, cuir séis le gach mír rithimeach. Cinntigh go bhfuaimníonn an dara líne go bhfuil sí neamhchríochnaithe, agus an 3ú líne críochnaithe
6. Bain úsáid as drón ar 'do' agus ar 'so' mar thionlacan le do haiku ceoil críochnaithe



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC





Ceol Oide 2023-2024

Oide

# IDIRCHÉIM

1. Roghnaigh Idirchéim seachas 3ú
2. Cruthaigh séis ghearr bunaithe ar an eatramh seo
3. Tóg cordaí 3-nóta nó 4-nóta ag baint úsáide as an idirchéim seo
4. Bain úsáid as do shéis agus as cordaí chun píosa gearr a chruthú




Ceol Oide 2023-2024

Oide

# ILMHÉADAR

1. Cum séis 4-bharra in 3/4
2. Cum tionlacan rithime 3-bharra in 4/4
3. Seinn an dá pháirt ag baint úsáid as uirlisí nó bogearraí nodaireachta. Tabhair faoi deara go bhfuil an dá pháirt an fad céanna, ach nach mbíonn na buillí anuas i líne ach sa chéad bharra
4. Forbair an tionlacan rithime ina thionlacan simplí armónach nó ina fhrithshéis más mian leat

Éist le...
Kashmir
LED ZEPPELIN



Ceol Oide 2023-2024

Oide

# INBHÉARTÚ

1. Socraigh dhá chliath le ceithre barraí i ngach ceann, i do lámhscríbhinn
2. Ar an líne bhairr, cum séis cheithre bharra
3. Thíos faoi do shéis, oibrigh amach an tInbhéartú
4. Úsáid an íomhá seo chun cabhrú leat


Séis



Inbhéartú na séise



Éist le...
The Lamb
JOHN TAVENER



Ceol Oide 2023-2024


Oide

# IODALÚ

1. Triail na rithimí iódalaithe 2-bhuille thíos
2. Comhnasc iad chun rithim 4-bharra a chruthú in 4/4 do do phíosa iódail
3. Cruthaigh séis do do rithim. Bain úsáid as nótaí arís agus arís eile agus léimeanna leathana (6ú nó níos mó) a scaoileann trí chéim sa treo eile mar a thaispeántar sa sampla
4. Déan cleachtadh ar do shaothar iódalaithe agus cuir í i láthair do ranga


| | | | |
|---|---|---|---|
| Ho-del-la-dee<br>Yo-del-la-dee | Ho-del-oh-dee<br>Yo-del-oh-dee | ho-del-a-ay<br>yo-del-a-ay | ho-la ra-dee<br>yo-la-ra-dee |
| ho-del-a<br>ho-del-oh | ho-la re<br>ho-la-ro | lo-oh dee<br>o-oh dee | ho/yo<br>dee/ee |

Séis iódail




Éist le...
Einen Jodler hör' ich gern
FRANZL LANG

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC





Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Einstein on the Beach
PHILIP GLASS

Oide

# ÍOSTACHAS

1. Cum cor peinteatonach 2-bharra le rithim shimplí agus cuir roinnt sosanna leis. Déan an cor seo arís 8 n-uaire. Beidh an cor seo mar bhunús don phíosa cumtha
2. Tosaigh an cor céanna in dhá pháirt éagsúla. Bain úsáid as 'pasaistriú' chun na codanna a bhogadh isteach agus amach as an sioncronú
3. Bain úsáid as suimiú agus / nó dealú agus / nó méadú agus / nó laghdú chun an cor bunaidh a fhadú nó a ghiorrú
4. Cuir páirt dordlíne síos leis
5. Cruthaigh ostinato rithimeach a ghabhann leis
6. Sann gach páirt le huirlis dhifriúil. Cinneann gach taibheoir cén t-am, cén áit agus cé mhéad uair is mian leo a bpáirt a athdhéanamh
7. Seinn agus taifead an cóiriú deiridh





Ceol Oide 2023-2024

Oide

# JEAMÁIL

1. Le do ghrúpa ceoltóirí, aontaígí ar réimniú corda agus tosaígí a thaifeadadh
2. Seinneann ceoltóir amháin an réimniú corda ina luas agus ina stíl roghnaithe
3. Glacann ceoltóirí eile páirt sa léiriú trí shéiseanna, rifeanna, tionlacain chordúla nó páirteanna rithime a thobchumadh thar an gceol atá á sheinm cheana féin
4. Déanaigí cumarsáid trí éisteacht lena chéile agus páirteanna a thubchumadh a chomhlánaíonn seinm a chéile
5. Stop den seinm aon uair a bhraitheann tú gur chóir deireadh a chur leis an seisiún Jeamáil agus éist siar leis an taifeadadh
6. Tabhair faoi deara aon séiseanna, rifeanna, páirteanna cordúla nó rithimí a bhraith tú a oibríonn go maith le chéile




Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Shivers
ED SHEERAN

Oide

# LÚBA

1. Oscail Beatmaker Splice: https://splice.com/sounds/beatmaker
2. Roghnaigh cuspóir do do lúb
3. Fiosraigh na fuaimeanna atá ar fáil ar thaobh na láimhe clé den scáileán
4. Cui  patrúin gach fuaime / buille in eagar
5. Cuir an BPM in eagar más gá (ag an mbarr ar thaobh clé an scáileáin)
6. Nuair a bheidh tú sásta le do lúb easpórtáil í




Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
The Stars and Stripes Forever
J.P. SOUSA

Oide

# MÁIRSEÁIL

1. Socraigh scór i do lámhscríbhinn le luas 120 BPM agus méadar de 4
2. Smaoinigh ar an uirlis/na huirlisí a mbaineann do mháirseáil (march) leo
3. Bain úsáid as gnéithe rithimeacha amhail rithim phoncaithe agus / nó tríríní chun mothú míleata a thabhairt
4. Cuir isteach aicinn ar bhuillí 1 agus 3
5. Roghnaigh altú a oireann don tséis: Legato? Staccato? Marcato?
6. Ceap tionlacan simplí a cheapadh le gabháil le do thiún máirseála: tionlacan cnaguirlisí agus/nó tionlacan armónach?

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie
CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS
Ceol Oide 2023-2024
Oide.ie
CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS
Ceol Oide 2023-2024
Oide.ie
CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS
Ceol Oide 2023-2024
Oide.ie
CC BY NC



Oide

# NÓTAÍ NASCTHA

1. Déan iniúchadh ar an tséis thíos agus cuir ciorcal timpeall ar na 3 nasc a chloistear anseo




2. Déan iniúchadh ar an tséis thíos agus cuir 2-3 nasc léi



3. Anois cum do shéis 4-bharra féin
4. Cuir isteach 2-3 nasc i do phíosa

Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Tied Notes
KHAN ACADEMY




Oide

# NOLLAIG

1. Pioc an téama do d'amhrán – d'fhéadfadh sé a bheith ina Nollaig sa bhaile? I ngrá? Cóisir? Daidí na Nollag? Sneachta? Is í an chumha an coincheap a nascann an chuid is mó d'amhráin na Nollag
2. Scríobh síos do theideal nach mór an focal 'Nollaig' a bheith ann
3. Déan ransú intinne ar na focail Nollag uile agus tosaigh a scríobh na liricí, ceithre líne in aghaidh an véarsa
4. Roghnaigh mórghléas, in am 4/4 nó in am luascach 4/4 agus socraigh an BPM ag 115
5. Roghnaigh uirlisí Nollaigiúla ar nós cloigíní carr sleamhnáin, clingíní, agus glocainspílí. Ar mhaith leat cór a chur isteach?
6. Éist le 2-3 ghné cheoil ón amhrán Nollag is fearr leat agus roghnaigh iad sin m.sh., cloigíní carr sleamhnáin, seinn 8 in aghaidh an bharra sa churfá nó go leor pasáistí ar scála síos

Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Troika
PROKOFIEV




Oide

# OCHTACH

1. Cum séis cheithre bharra
2. Bain triail as an dara líne shéise a chur léi a bhfuil na nótaí céanna aici atá ag an tséis bhunaidh ach atá ochtach níos aired
3. Déan arís céim 2 ach leis an tríú líne shéise atá ochtach níos ísle
4. Ansin cóirigh do shéis agus socraigh cé na nótaí den tséis nach seinnfear ach le huirlis amháin, cé na nótaí a dhéanfar a dhúbailt agus ochtach níos airde, cé na nótaí a dhéanfara a dhúbailt ochtach níos ísle agus cé na nótaí a sheinnfear i ngach ceann de na trí ochtach ag an am céanna




Ceol Oide 2023-2024



Oide

# OSTINATO

1. Cinn cad é fad iomlán do shaothar
2. Cruthaigh rithim 1-bharra ag baint úsáid as do rogha amchomhartha
3. Cuir nótaí séise leis an rithim 1-bharra seo chun móitíf shéiseach 1-bharra a chruthú
4. Déan an mhóitíf i ngach barra arís

-Le haghaidh ostinato RITHIMEACH- déan an rithim a athsheinm go beacht ach is féidir le nótaí séise athrú ó bharra go barra

-Le haghaidh ostinato SÉISEACH – déan an rithim AGUS na nótaí séise a athsheinm go beacht gach uair


Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Bolero's Drummer
RAVEL

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC




Ceol Oide 2023-2024

# PEINTEATONACH

1. Cóipeail an scála peinteatonach isteach i do lámhscríbhinn. Bain úsáid as an scála bunúsach (D-E-F #-A-B-D') nó as an leagan leathnaithe a úsáideann nótaí an scála in ochtacha níos airde agus/nó níos ísle
2. Tosaigh agus críochnaigh do mhír shéiseach ar D
3. Cruthaigh do mhír shéiseach ag baint úsáid as nótaí an scála pheinteatonaigh in aon chomhcheangal

Éist le...
Mo Li Hua (Bláth Seasmaine Beag)
ARR. LI WENPING





Ceol Oide 2023-2024

# PORT

1. Socraigh do lámhscríbhinn le míreanna 2 x 8-mbarra do do Phort Dúbailte Éireannach
2. Bain úsáid as an rithim Poirt thíos mar bhonn do gach mír 8-mbarra
3. Roghnaigh ó na heochracha G nó D mór don fhidil nó don fheadóg stáin
4. Cruthaigh mír bhríomhar A le go leor nótaí athsheinnte nó athrá móitífeach agus mír chodarsnach B
5. Eagraigh do chuid míreanna chun Port Éireannach a chruthú leis an bhfoirm AABB
6. Clóscríobh isteach in Musescore é nó i do rogha bhogearraí nodaireachta chun é a chloisteáil



Éist le...
The Irish Washerwoman
Played by
JOHN SHEEHAN




Ceol Oide 2023-2024

# RAPCHEOL

1. Roghnaigh ábhar a bhfuil tú paiseanta faoi m.sh., bochtaineacht, athrú aeráide, spórt nó eile
2. Scríobh síos na téarmaí, na focail, na smaointe go léir atá agat faoi do thopaic
3. Cuir na focail seo in ord in abairtí
4. Mothaigh an buille trí do chuid abairtí a léamh amach os ard agus cinn ar an bpm do do thraic cliceála
5. Tarraing aiceann os cionn na siolla(í) ar mhaith leat béim a chur orthu
6. Seinn do rap leis an traic cliceála nó le lúb / sampla de do rogha féin

Éist le...
Gangsta's Paradise
COOLIO (FEAT L.V.)



Ceol Oide 2023-2024

# RITHIM


1. Cum rithim 4-bharra in am 2/4
2. Bain úsáid as an treoir rithime chun cabhrú leat
3. Cleacht do rithim a sheinm in éineacht le traic cliceála in am 2/4
4. Seinn do rithim 4-bharra i gcanóin le do chomhscoláirí

| | | |
|---|---|---|
| Ta Ta | Ti - ti Ta | Ti - ti Ti - ti - ka |
| Ti - ti - ka Ti - ti | Ta Ti - ti | Ti - ka -ti - ka Ti - ti |

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC



Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Gee Officer Krupke!
LEONARD BERNSTEIN


Oide

# RITHIM CNAGTHA

1. Le chéile i mbeirteanna / i ngrúpa, cumaigí ceist rithimeach 1-bharra
2. Malartaigí an cheist a chruthaigh sibh le ceann péire eile
3. Cumaigí freagra rithimeach ar cheist an ghrúpa eile
4. Bainigí úsáid as deasc nó as doras an tseomra ranga chun an cheist rithimeach a bhualadh amach agus a fhreagra ina dhiaidh sin
5. Cuirigí an cheist agus/nó an freagra in eagar de réir mar is gá, ar mhaithe leis an éifeacht is fear

Rithim Cnagtha cáiliúil




Ceol Oide 2023-2024


Éist le...
Artikulation
LIGETI

Oide

# SCÓR GRAFACH

1. Éist agus lean 'Artikulation' Ligeti: Cad iad na comhábhair cheoil a léirítear anseo?
2. Roghnaigh ceann de na spreagthaí seo a leanas: 'Lá ag an Trá' nó 'Tóir Carranna'
3. Cinn cad iad na comhábhair cheoil 2-3 a úsáidfidh tú do do phíosa
4. Dear grafaic/íomhá/físeach do gach fuaim
5. Eagraigh do chuid grafaicí/íomhánna/físeach i scór grafach gear
6. Iarr ar do chomhscoláirí do scór a léirmhíniú agus a sheinm





Ceol Oide 2023-2024

Éist le...
Do Re Mi
RODGERS & HAMMERSTEIN

Oide

# SEICHEAMH

1. Roghnaigh gléas agus sainaithin nótaí Chorda I
2. Bain úsáid as nótaí Chorda I chun móitíf a chruthú
3. Déan an mhóitíf seo arís ag tosú ar nóta níos airde nó níos ísle
4. Déan arís é ag tosú ar nóta eile



Ceol Oide 2023-2024

Oide

# SMAOINEAMH BREISE

1. Cruthaigh smaoineamh 2-bharra
2. Léirigh do thuiscint ar ghnéithe rithimeacha agus séiseacha tríd an smaoineamh 2-bharra seo a oiriúnú, féach na samplaí thíos

**Bunsmaoineamh**



## GLÉASANNA RITHIMHEACHA

**Sioncóipiú**



**Rithim poncaithe**



**Tríríní**



**Méadú (rithim)**



## GLÉASANNA SÉISEACHA

**Casiompú**



**Inbhéartú**




**Méadú (Idirchéim)**



**Seicheamh agus Laghdú**



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC


Oide



Ceol Oide 2023-2024


# SOSANNA

1. Scríobh amach an rithim thíos le peann luaidhe i do lámhscríbhinn
2. Buail, tapáil nó seinn an rithim seo ar an uirlis atá roghnaithe agat
3. Cuir sos in ionad nóta amháin ar a laghad i ngach barra thíos
4. Cum do rithim féin agus cuir sosanna isteach ann
5. Buail, tapáil nó seinn do phíosa deiridh






Oide



Ceol Oide 2023-2024


# SRATHADH



1. Scríobh gach nóta ar dhuillín páipéir ar leith agus cuir isteach i hata iad
2. Pioc nóta as an hata agus socraigh an 12 nóta i do rogha ord. Tugtar an 'nóta-ró' nó 'sraith' air seo'
3. Tabhair faoi deara: tá an tábhacht chéanna ag baint le gach ceann den 12 nóta. Ní bheidh aon cheann le feiceáil as a seal, cé gur féidir nóta a athsheinm agus a úsáid ag aon ochtach
4. Pioc amchomhartha agus cruthaigh patrún rithimeach do do 12 nóta
5. Cuir an 12-thonró i bhfeidhm ar do mhír rithimeach, ag leanúint ord na nótaí go docht
6. Ath-scríobh do shraith / 12-nóta-ró droim ar ais, 'casiompú'
7. Ath-scríobh do shraith 12-nóta-ró bun os cionn, 'Inbhéartú'
8. Ath-scríobh do shraith 12-nóta-ró bun os cionn agus droim ar ais, 'inbhéartaithe agus casiompaithe'

Éist le...
Coinséartó Veidhlín Op. 36
SCHOENBERG

Oide




Ceol Oide 2023-2024

# SUANTRAÍ

1. Roghnaigh amchomhartha 3/4 nó 6/8 agus luas mall
2. Socraigh fad do shuantraí (lullaby) m.sh., 4 mhír
3. Roghnaigh an fhoirm/litirphlean m.sh., AABB, ABAB nó eile
4. Cruthaigh rithim shocair sheasta. Seachain sioncronú
5. Bain úsáid as scála peinteatonach nó as scála mór do na nótaí: tosaigh agus críochnaigh an tséis ar an tonach
6. Use céimeanna agus leaps caol sa tséis
7. Treoraigh don amhránaí a bheith ag drantán leis an tséis

Éist le...
Wiegenlied Schlafe, mein prinzchen
W.A. MOZART

Oide




Ceol Oide 2023-2024

# SUIMIÚ

1. Roghnaigh nóta le tosú air
2. Déan an nóta seo arís ach cuir nóta eile leis
3. Déan an chéad dá nóta arís agus cuir nóta eile leis
4. Lean ar aghaidh leis an bpróiseas seo chun séis nó cuid de mhír shéiseach a chruthú
5. Cuir rithim le do shéis


Éist le...
Coming Together
FREDERIC RZEWSKI



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024


Oide.ie

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




CRUTHAÍMIS

Ceol Oide 2023-2024

Oide.ie

CC BY NC




Ceol Oide 2023-2024

Éist le...

Surprise Symphony

HAYDN


Oide

# TRÍCHORDA

Is corda 3 nóta é Tríchorda

1. Cruthaigh réimniú corda 4-bharra ag baint úsáid as cordaí I, vi, IV, V
2. Scríobh amach na 3 nóta a bhaineann le gach ceann de na cordaí seo
3. Trí úsáid a bhaint as na nótaí seo, cruthaigh séis a leanann an réimniú seo
4. Ag gach athrú corda, bog go dtí an nóta is gaire den chéad chorda eile







Ceol Oide 2023-2024

Oide

# UIMHREACHA

1. Ag baint úsáid as an ngreille thíos, scríobh amach na nótaí a fhreagraíonn do shraith uimhreacha m.sh., uimhir theileafóin, dáta breithe, dáta an lae inniu nó eile
2. Is sos é an uimhir 8: déan cinneadh cé chomh fada is a bheidh an sos
3. Tá an uimhir 9 saor: roghnaigh aon nóta atá ar fáil
4. Roghnaigh rithim a oireann don smaoineamh séiseach seo

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| C | D | E | F | G | A | B | C’ | sos | saor! |




Ceol Oide 2023-2024

Éist le...


The Blue Danube

STRAUSS

Oide

# VÁLSA

1. Socraigh scór don phianó agus d'uirlis aonair
2. Déan cinneadh maidir le réimniú corda in am 3/4 le corda amháin in aghaidh an bharra
3. I ndordeochair an phianó, cuir fréamh gach corda ar an gcéad bhuille de gach barra
4. I ngléas thribile an phianó, cuir na nótaí den chorda atá fágtha ar an 2ú agus ar an 3ú buille den bharra
5. Cruthaigh séis válsa do d'uirlis aonair bunaithe ar do réimniú corda




Ceol Oide 2023-2024

Éist le...

The Elephant

SAINT-SAËNS

Oide

# FUAIMEANNA AN ZÚ

Éist leis 'An Eilifint' ó Charnabhal na nAinmhithe le Saint-Saëns. I mbeirteanna pléigí conas a léiríonn an ceol an eilifint

1. Roghnaigh ainmhí eile
2. Cén uirlis/í a d'fhéadfá a úsáid chun an t-ainmhí seo a léiriú?
3. Déan cinneadh cad iad na comhábhair cheoil is fearr a léireoidh d'ainmhí
4. Cum téama 4-bharra chun d'ainmhí a léiriú
5. An mbeadh fuaimeanna aimsithe ann a thiocfadh libh a chur isteach?